Eagarthóir Taighde

Conradh suas le 2 bhliain

Tá FIONTAR ag earcú taighdeora ar conradh chun oibriú ar thionscadail éagsúla sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge. Tá cúig thionscadal taighde faoi chúram FIONTAR faoi láthair, agus beidh obair ar na tionscadail éagsúla i gceist: www.logainm.ie, www.tearma.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge) agus www.duchas.ie (chun Cnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a fhoilsiú ar líne i gcomhar le UCD). Tá meitheal taighde lánaimseartha in FIONTAR agus beidh an t-eagarthóir a cheapfar ag obair i ndlúthpháirt leis an bhfoireann sin.

Riachtanais:

- Céim PhD nó a hiontamhail mar aon le bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge.
- Taithí chuí ar obair thaighde.
- Gaeilge líofa mar aon le caighdeán an-ard sa Ghaeilge scríofa.

Tá sonrúchán an phoist seo ar fáil ag www.dcu.ie/vacancies/current.shtml

Modh iarratais
Tá foirmeacha iarratais ar fáil ón suíomh *DCU Current Vacancies (open Competitions)* ag www.dcu.ie/vacancies/current.shtml agus ón Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149.

Ba chóir iarratais a aighniú ar r-phost chuig hr.applications@dcu.ie nó ar facs +353 (0)1 700 5500 nó sa ghnáthphost chuig Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9.

Scála Tuarastail:
€37,750–€38,860

Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, 11 Meán Fómhair 2015.
Tá sé i gceist agallaimh a reáchtáil an tseachtain dar tús 5 Deireadh Fómhair 2015.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá na tionscadail á gcómhaoiniú le deontas taighde ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.